Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Tuarascáil Achoimreach ar Fhreagairtí ar

an Chomhairliúchán ar

# Mholtaí maidir le Todhchaí na Comhairle Óige

# Clár na nÁbhar

IIntreoir .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 3

Freagairtí a Fuarthas .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 4

Achoimre ar na Freagraí ar Cheisteanna .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 6

Príomhthéamaí a Tháinig as an Chomhairliúchán .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 15

Eolas Breise .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 17

Iarscríbhinn A - Liosta na bhFreagróirí ar an Chomhairliúchán Phoiblí .. .. .. .. . 19

# INTREOIR

1.1 Seoladh comhairliúchán poiblí ar mholtaí maidir le todhchaí Chomhairle Óige Thuaisceart Éireann ("an Chomhairle Óige") an 20ú Aibreán, 2015. Ba é an 12ú Meitheamh an chéad spriocdháta d'fhreagairtí. Síneadh an tréimhse chomhairliúcháin go dtí an 3ú Iúil i ndiaidh go bhfuarthas aiseolas ó na páirtithe leasmhara.

1.2 Is féidir teacht ar an cháipéis chomhairliúcháin ar shuíomh na Roinne Oideachais ("an Roinn"):
*http://www.deni.gov.uk/content-newpage-20*

1.3 Tá achoimre sa cháipéis seo ar na freagairtí ar an chomhairliúchán.

1.4 Ba mhaith leis an Roinn an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leo siúd a chuir am ar leataobh leis na moltaí seo a mheas agus freagairt a chur chugainn.

# Freagairtí a Fuarthas

2.1 Fuair an Roinn 50 freagairt san iomlán ar an chomhairliúchán. Tá liosta díobh siúd a chuir freagairt isteach le fáil in Iarscríbhinn A. Tá catagóirí na bhfreagróirí liostaithe in Tábla 1 thíos.

**Tábla 1: Próifíl na bhFreagróirí**

| Cineál Freagróra | Líon freagairtí |
|---|---|
| Eagraíocht Óige Réigiúnach Dheonach | 20 |
| Eile | 8 |
| Eagraíocht Óige Faoi Éide | 5 |
| Ceardchumann | 4 |
| Roinn Rialtais nó Foras Stáit | 4 |
| Comhairle Áitiúil | 3 |
| Ollscoil nó Coláiste | 3 |
| Grúpa a Fheidhmíonn trí Ghaeilge | 3 |
| | |
| **Iomlán** | **50** |

2.2 Bhí trí fhreagairt ann inar cuireadh in iúl tuairimí ón aon eagraíocht amháin; san anailís, caitheadh leis na freagairtí sin mar aon fhreagairt amháin.

2.3 Is ó eagraíochtaí (nó ó bhaill d'eagraíochtaí) a fhaigheann maoiniú go díreach nó go hindíreach ón Chomhairle Óige a fuarthas formhór na bhfreagairtí (58%).

2.4 Chomh maith leis an chomhairliúchán fhoirmiúil, bhuail an tAire Oideachais le hionadaithe ó na heagraíochtaí atá liostaithe thíos le plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhain le moltaí an chomhairliúcháin:

- An Chomhairle Óige (an 17ú Meitheamh);
- Youthnet (an 8ú Iúil); agus
- Youth Action (an 2ú Meán Fómhair).

2.5 Cé go raibh liosta ceisteanna leagtha amach sa cháipéis chomhairliúcháin leis an chomhairliúchán a threorú, tugtar ar aird nár fhreagair na freagróirí uile na ceisteanna uile agus gur roghnaigh cuid mhaith freagróirí a dtráchtaireacht féin a dhéanamh seachas na ceisteanna a cuireadh a fhreagairt. Rinneadh anailís ar na freagairtí uile go hindibhidiúil.

2.6 Maidir leis na sonraí cainníochtúla, cuireadh na freagairtí i ngrúpaí de réir théamaí. Tá na téamaí is coitianta leagtha amach sa cháipéis seo, agus tá rogha freagairtí indibhidiúla scríofa amach mar léiriú ar an réimse tuairimí a fuarthas.

2.7 Tá an cháipéis seo mar achoimre ar na freagairtí. Níl an t-aiseolas uile clúdaithe go mion agus, mar sin, níl gach saincheist clúdaithe.

2.8 Tá gach iarracht déanta a chinntiú go bhfuil tuairimí na bhfreagróirí léirithe go cruinn sa cháipéis seo.

## Achoimre ar na Freagairtí ar na Ceisteanna

3.1 Tá achoimre sa chuid seo ar na freagairtí ar gach ceist, ceann ar cheann. Tá na staitisticí atá tugtha bunaithe ar líon iarbhír na bhfreagairtí ar gach ceist aonair seachas ar líon iomlán na bhfreagróirí.

**Q1. An bhfuil tú ag teacht leis an tuairim gur gá riar na seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a chuíchóiriú i bhfianaise bhunú an Údaráis Oideachais agus na srianta reatha buiséid?**

**Má aontaíonn tú le seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a bheith á gcur ar fáil san Údarás Oideachais, abair cad é an rogha is fearr leis an toradh inmhianaithe a bhaint amach.**

- **Rogha 1** – Díscaoileadh na Comhairle Óige (Ord (TÉ) na Seirbhíse Óige, 1989 a aisghairm). Le bunú an Údaráis Oideachais, is féidir seirbhís aonair óige a chur ar fáil. Leis an rogha seo, tá deis ann dúbláil seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a íoslaghdú, ionas go ndáilfear cion chomh mór agus is féidir de na deontais atá ar fáil ar sheirbhísí óige túslíne, agus comhleanúnachas agus cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil a choinneáil. Mar sholáthróir aonair, cinnteoidh an tÚdarás Oideachais go mbeidh comhleanúnachas ann i seachadadh seirbhísí óige. Níl leasuithe reachtúla ar bith ar fheidhmeanna an Údaráis Oideachais de dhíth chun seirbhísí óige réigiúnacha a riar.


- **Rogha 2** – Díscaoileadh na Comhairle Óige (Ord (TÉ) na Seirbhíse Óige, 1989 a aisghairm) agus cosaint an tsoláthair óige san Údarás Oideachais. Is amhlaidh a thógann an rogha seo ar Rogha 1 mar moltar an soláthar óige san Údarás Oideachais a chosaint trí na nithe seo a leanas a fhorbairt:

    - o spriocanna sonracha a bhaineann le soláthar óige a bheith á socrú ag an Aire agus á mhonatóiriú ag an Roinn;

    - o buiséad óige an Údaráis Oideachais a bhainistiú/mhonatóiriú lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis na spriocanna seo;

    - o solúbthacht níos mó agus acmhainní á ndáileadh go réigiúnach agus go fo-réigiúnach;

- o aire ar leith a thabhairt do mhaoiniú Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha;
- o foireann ainmnithe a bheith san Údarás Oideachais faoi choinne seirbhísí óige; agus
- o scóip a bheith ann le tionscadail straitéiseacha/ardleibhéil a bheith luaite mar chuid de phróiseas ullmhúcháin an Phlean Forbartha Réigiúnaigh Óige; beidh an plean seo mar threoir agus mar thaca agus na seirbhísí á seachadadh ag an Údarás Oideachais.




| Tá | Tá: rogha 1 | Tá: rogha 2 | Níl | Líon iomlán na bhfreagraí |
|---|---|---|---|---|
| 11 | 0 | 8 | 32 | 43 |

3.2 Níor aontaigh 74% de na freagróirí ar cheist 1 gur gá riar na seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a chuíchóiriú i bhfianaise bhunú an Údaráis Oideachais agus na srianta reatha buiséid. D'aontaigh 26% acu siúd a d'fhreagair

ceist 1 leis an cheist. Ní raibh duine ar bith de na freagróirí ag tacú le rogha 1 (díscaoileadh na Comhairle Óige) agus, astu siúd a d'aontaigh le ceist 1, bhí 73% acu ag tacú le rogha 2 (díscaoileadh na Comhairle Óige agus cosaint an tsoláthair óige san Údarás Oideachais).

3.3 Is iad seo a leanas na téamaí athfhillteacha a tháinig chun solais san anailís cháilíochtúil ar na freagraí ar cheist 1:

i. Shíl cuid mhaith de na freagróirí go raibh na roghanna teoranta agus go raibh tuilleadh sonraí de dhíth;

ii. Bhí easpa muiníne ann as cumas an Údaráis Oideachais obair leis na hEagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha agus a gcuid oibre a thuiscint i gceart, go háirithe maidir le maoiniú agus giaráil an bhonneagair;

iii. Léiríodh imní go gcaillfí saineolas agus poist ón Chomhairle Óige agus ón earnáil óige trí chéile;

iv. Léiríodh imní faoi chailleadh acmhainní/maoiniú, faoi oiliúint agus faoi chuíchóiriú i dtaca le hEagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha;

v. Shíl cuid de na freagróirí gur chóir an próiseas measúnú riachtanas réigiúnach a chur i gcrích ar dtús agus am a chur ar fáil lena shoiléiriú cad é ról an Údaráis Oideachais;

vi. Léiríodh imní faoin uair a bheadh an t-athbhreithniú ann agus moladh gan athrú a dhéanamh ar an Chomhairle Óige ná ar mhaoiniú d'Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha tráth a bhfuil athruithe móra ag titim amach san Údarás Oideachais;

vii. Léirigh cuid de na freagróirí imní go raibh an tÚdarás Oideachais go fóill i gcéim an aistrithe agus an bhunathraithe agus nach bhfuil sé de chumas aige tabhairt faoi fheidhmeanna na Comhairle Óige agus, mar gheall air sin, nach mbeadh an tseirbhís d'Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha chomh héifeachtach céanna; agus

viii. Shíl cuid de na freagróirí nach bhfuil tuiscint cheart ann ar ról agus ar fheidhmeanna na Comhairle Óige.


3.4 I gCeist 1, iarradh ar na freagróirí samhlacha ailtéarnacha féideartha a mholadh más amhlaidh nár aontaigh siad leis an Údarás Oideachais a bheith ag seachadadh seirbhísí óige réigiúnacha. Is iad seo a leanas na trí shamhail ailtéarnacha ba choitianta a tháinig chun solais san anailís cháilíochtúil ar na freagairtí:-

i. Cúrsaí a choinneáil mar atá, ach an Chomhairle Óige a athchóiriú lena chinntiú go mbíonn an oiread éifeachtachta agus éifeachtúlachta agus is féidir ann;

ii. Foras neamhspleách taobh amuigh den Údarás Oideachais a bheith ann le feidhmiú mar bhróicéir/idirghabhálaí idir an earnáil dheonach, an earnáil reachtúil agus an earnáil phobail; agus

iii. Sainaonad a bhunú san Údarás Oideachais faoi choinne Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha.

**Q2. An bhfuil seirbhísí ar bith a sholáthraíonn an Chomhairle Óige faoi láthair a mheasann tú a gcaithfidh an tÚdarás Oideachais iad a choinneáil?**




| Tá | Níl | Líon iomlán na bhfreagraí |
|---|---|---|
| 37 | 2 | 39 |

3.5 Luaigh cuid mhaith de na freagróirí ar cheist 2 seirbhísí atá á soláthar ag an Chomhairle Óige faoi láthair a mheasann siad ba chóir don Údarás Oideachais iad a choinneáil. Is iad seo a leanas na seirbhísí ba mhó a tháinig chun solais san anailís cháilíochtúil ar na freagraí ar an cheist seo:

i. Forbairt straitéiseach/tacaíocht/seachadadh i dtaca le hEagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha agus guth a bheith acu;

ii. Ról oiliúna, Bord Oiliúna Oibre don Óige san áireamh, oiliúint chreidiúnaithe, sparánachtaí agus forbairt lucht saothair;

iii. Maoiniú do sheirbhísí réigiúnacha, maoiniú d’Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha san áireamh, trí mheasúnú riachtanas;

iv. Obair agus tacaíocht idirnáisiúnta agus Eorpach do Erasmus+;


v. Tacaíocht do Chaidreamh Pobail, Comhionannas agus Éagsúlacht;

vi. Maoiniú bonneagair d'eagraíochtaí, eagraíochtaí óige faoi éide san áireamh;

vii. Comhoibriú Thuaidh/Theas, tríd an Choiste Thuaidh/Theas um Chaighdeáin Oideachais agus Oiliúna in Obair Óige san áireamh; agus

viii. Tacaíocht d'obair spriocdhírithe óige.

**Q3. An measann tú go ndéanfaidh díscaoileadh na Comhairle Óige dochar mór do sheirbhísí óige réigiúnacha?**




| Measaim | Ní mheasaim | Líon iomlán na bhfreagraí |
|---|---|---|
| 34 | 2 | 36 |

3.6 Astu siúd a d'fhreagair Ceist 3, shíl 94% acu go mbeadh drochthionchar ar sheirbhísí óige réigiúnacha dá ndíscaoilfí an Chomhairle Óige.

3.7 Is iad seo a leanas na héifeachtaí ar sheirbhísí réigiúnacha a tháinig chun solais san anailís cháilíochtúil ar na freagraí ar an cheist seo:

i. Cailleadh an tsaineolais atá ag an Chomhairle Óige;

ii. Chaillfeadh Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha cosaint reachtúil;

iii. Ní bheadh an Chomhairle Óige ann níos mó le hEagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha a chur chun tosaigh ná le hionadaíocht a dhéanamh orthu ná lena bheith mar ghuth neamhspleách dóibh;

iv. Níl na hacmhainní atá de dhíth le plé le feidhmeanna óige réigiúnacha ag an Údarás Oideachais;


v. Maoiniú a chailleadh nó laghdú ar mhaoiniú d'Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha;

vi. Tacaíocht na Comhairle Óige d'fhorbairt an fhórsa saothair a chailleadh;

vii. "Samhail mhaoiniú infheistíochta d'Eagraíochtaí Réigiúnacha Deonacha" agus an cumas atá acu acmhainní breise a ghiaráil a chailleadh; agus

viii. Tacaíocht laghdaithe d'oibrithe deonacha agus d'oibrithe a fhaigheann íocaíocht.

**Q4. An mbeadh drochthionchar, dar leat, ag na roghanna atá luaite ar ghrúpa ar bith de chuid Alt 75?**




| Bheadh | Ní bheadh | Líon iomlán freagróirí |
|---|---|---|
| 23 | 7 | 30 |

3.8 Astu siúd a d'fhreagair Ceist 4, shíl 76% acu go mbeadh drochthionchar ag na roghanna atá luaite ar ghrúpaí Alt 75.

3.9 Scagfar na moltaí deiridh ó thaobh Measúnachta Tionchair Chomhionannais, Impleachtaí Ceart Daonna agus Promhadh Leas na Tuaithe de.

# Príomhthéamaí a Tháinig Chun Solais ón Chomhairliúchán

4.1 Díríonn an chuid seo ar na príomhthéamaí a tháinig chun solais ón anailís cháilíochtúil ar na tráchtanna a fuarthas ó na freagróirí uile. Rinneadh anailís ar gach freagairt. Ní dhearna na freagróirí uile trácht breise sa bhosca a cuireadh ar fáil sa cheistneoir chuige sin. Sa chás ina ndearna siad trácht, áfach, rangaíodh a gcuid tuairimí i gcatagóirí de réir théamaí éagsúla. Rinneadh éagsúlacht tráchtanna ar gach gné den chomhairliúchán. Bhí na freagairtí chomh héagsúil sin lena chéile nach bhfuil sé praiticiúil tuairisc a thabhairt orthu. Tá téamaí agus ábhair imní coitianta tagtha chun solais agus tá siad luaite anseo thíos.

4.2 Bhí fáilte roimh an cháipéis chomhairliúcháin mar measadh go raibh sé tráthúil athbhreithniú a dhéanamh as siocair go bhfuil roinnt ama imithe tharainn. Aithníonn an cháipéis go bhfuil comhthéacs difriúil ann anois ó thaobh tosaíochtaí oideachais, Tosaíochtaí don Óige agus an Údaráis Oideachais de agus toisc go bhfuil na buiséid reatha srianta. Rinneadh tráchtanna mar seo a leanas: “tá an Chomhairle Óige, na feidhmeanna reachtúla atá aici agus an reachtaíocht lenar bunaíodh í as dáta agus caithfear iad a nua-chóiriú”; “is gá costais a shruthlíniú”; “costais riaracháin a laghdú ... agus athinfheistiú a dhéanamh i dtacaíocht agus i seachadadh san earnáil dheonach óige”; “níl an polasaí maoiniúcháin do sheirbhísí réigiúnacha óige ag teacht le Tosaíochtaí don Óige” agus le bunú an Údaráis Oideachais “tá comhsheasmhacht de dhíth” agus caithfear “fáil réidh leis an dúbláil”; “ daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste an dream is mó atá thíos leis”.

4.3 Cuireadh imní in iúl nach bhfuil bonn reachtúil ann níos mó faoi choinne Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha a mhaoiniú anois go bhfuil an tOrd um Sheirbhísí Óige (TÉ), 1989 aisghaimthe, agus bhí ceisteanna ann faoi chumas an Údaráis Oideachais na dualgais seo a chomhlíonadh ó tharla nach bhfuil reachtaíocht chomhionann sa Bhille Oideachais.

4.4 Cuireadh in iúl go rabhthas imníoch as siocair go mbraitear go bhfuil eolas agus taithí theoranta ag an Údarás Oideachais ar mhaoiniuchán réigiúnach agus straitéiseach tionscadail do sheirbhísí óige a fhaightear trí Eagraíochtaí Réigiúnacha Deonacha.

4.5 Cuireadh in iúl go rabhthas imníoch fosta go mbeadh an cur chuige céanna a bhíonn in úsáid ag an Údarás Oideachais i dtaca le grúpaí áitiúla de in úsáid fosta leis na hEagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha, cur chuige a mbraitear ró-

bhainistíocht agus barraíocht maorlathais a bheith ag baint leis. D'fhágfadh sé sin go mbeadh ar oibrithe deonacha a bhfuil barraíocht oibre le déanamh acu cheana féin a bheith ag plé le tuilleadh maorlathais arís. Shíl cuid mhaith freagróirí fosta go mbeadh drochthionchar ag an chóras seo ar "shamhail mhaoiniúcháin infheistíochta na nEagraíochtaí Réigiúnacha Deonacha" agus ar a gcumas acmhainní breise a ghiaráil "le hacmhainní do sheirbhísí óige a mhéadú ar dhóigh a mhéadaíonn spriocsheachadadh na seirbhísí sin do dhaoine óga".

4.6 Chomh maith leis sin, léiríodh imní faoin leibhéal riaracháin agus cuntasachta sa Chomhairle Óige agus luaíodh gur "tearmann ag lucht dulta sa seans" atá inti; "go bhfuil sí ag teacht salach le tosaíochtaí na Roinne Oideachais" agus go bhfuil athbhreithniú de dhíth ó thaobh luach ar airgead de ar na 37 eagraíocht a bhíonn á maoiniú ag an Chomhairle Óige".

4.7 Cuireadh in iúl go mbeadh drochthionchar ag cuíchóiriú riar na seirbhísí óige ar mhaoiniúchán sa todhchaí, rud d'fhágfadh go mbeadh laghdú ar an leibhéal maoiniúcháin a bheadh ar fáil d'Eagraíochtaí Óige Réigiúnacha Deonacha.

4.8 Tá an tréimhse ina bhfuil obair leanúnach an Ghrúpa Chomhairligh Réigiúnaigh ar siúl agus cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Réigiúnach Óige ina tréimhse ríthábhachtach teagmhála leis an earnáil óige, tráth a bhfuil athruithe suntasacha ag titim amach, agus d'iarr cuid mhaith freagróirí an cinneadh faoi thodhchaí na Comhairle Óige a chur siar go dtí go mbeadh an obair sin déanta agus athruithe ar bith a bheadh le déanamh a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach.

4.9 Léiríodh imní faoi chailleadh saineolais agus laghdú ar líon na bpost sa Chomhairle Óige agus san earnáil óige trí chéile.

4.10 Bhí cuid de na freagróirí den tuairim gurb é polasaí na Roinne faoi sholáthar seirbhísí óige réigiúnacha atá faoi athbhreithniú seachas na struchtúir riaracháin a thacaíonn leis.

# Tuilleadh Eolais

Cuirtear ceisteanna faoin cháipéis seo chuig

An post: An Fhoireann um an Óige agus Scoileanna sa Phobal
An Roinn Oideachais
An 4ú Urlár, Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
Beannchar
BT19 7PR

Ríomhphost: *Youth.service@deni.gov.uk*

Tá an tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne: *www.deni.gov.uk* . Is féidir í a fháil i bhformáidí eile agus iad a iarraidh.

# IARSCRÍBHINN A

## Liosta na bhFreagróirí ar an Chomhairliúchán Phoiblí

Cara-Friend

Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann

Clubanna do Dhaoine Óga

An Chomhairle um Chaidreamh Pobail

Connect Cymru

Conradh na Gaeilge

An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe

Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin

Gníomhaíocht um Míchumas

Gradam Dhiúc Dhún Éideann

Caighdeáin Oideachais agus Oiliúna na Breataine Bige

Foras na Gaeilge

Fóram na nÓg

Banóglaigh Uladh

Include Youth

Mencap

Comhairle Buirge Aontroim Láir agus Thoir

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

NILGOSC

NIPSA

An Coiste Thuaidh/Theas um Chaighdeáin Oideachais agus Oiliúna

Fóram Óige Thuaisceart Éireann

Mic Léinn Thuaisceart Éireann Aontas Náisiúnta na Mac Léinn-Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Líonra na gColáistí Oscailte, Tuaisceart Éireann

Playboard

Public Achievement

Gasóga na hÉireann

Start 360

The Boys Brigade

The Bytes project

The Girls Brigade

The Prince's Trust

Comhairle Óige Thuaisceart Éireann

UKIP

Aontas Múinteoirí Uladh

Obair Óige Phobail, Ollscoil Uladh

UNITE

Volunteer Now

Wheelworks

Cumainn Fheirmeoirí Óga Uladh

YMCA

Youth Initiatives

An Bord Oiliúna Obair Óige

YouthAction

Youthlink

Youthnet

Fuarthas 4 fhreagairt ó dhaoine aonair fosta.

Tuarascáil Achoimreach ar Fhreagairtí ar

an Chomhairliúchán ar

# Mholtaí maidir le Todhchaí na Comhairle Óige